# Téarmaí Tagartha don Choimisiún Imscrúdúcháin maidir le Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Leanaí i Scoileanna

**Léiriú na dTéarmaí**

Chun críocha na dTéarmaí Tagartha laistigh, tá an chiall seo a leanas leis na téarmaí seo a leanas:

***Drochúsáid ghnéasach leanaí*** ciallaíonn sé idirghníomhú le leanbh ar mhaithe le sásamh gnéis.

***Láimhseáil*** i gcomhthéacs imní réasúnach maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, ciallaíonn sé gníomhartha a rinneadh nó nach ndearnadh mar fhreagairt do na líomhaintí nó na hábhair imní réasúnacha sin.

***Scoil*** ciallaíonn sí scoil mar a shainmhínítear í in Alt 2(1) den Acht Oideachais, 1998.

***Ábhair imní maidir le drochúsáid ghnéasach*** ciallaíonn sé ábhair imní a tháinig chun cinn i gcás go bhfaca duine iompraíochtaí a bhí míchuí agus a bhí mar bhun, nó ar cheart go mbeidís mar bhun, le bheith amhrasach nó lena chreidiúint le réasún gur tharla drochúsáid ghnéasach leanaí;
*nó*
gur tháinig duine chun fios a bheith aige nó aici faoi líomhain nó faoi fhaisnéis a bhí mar bhun, nó ar cheart go mbeadh sí mar bhun, le bheith amhrasach nó lena chreidiúint le réasún gur tharla drochúsáid ghnéasach leanaí.

**Cuid 1 – an tImscrúdúchán**

1. Ordaítear don Choimisiún imscrúdúchán a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt don Aire Oideachais agus Óige, i gcomhréir le forálacha an Achta um Choimisiúin Imscrúduithe 2004, ar na nithe seo a leanas a bhfuil leas an phobail ag baint leo:

   (a) Láimhseáil ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí ag Scoileanna, agus ag daoine agus eintitis atá freagrach as Scoileanna agus a bhaineann leo, agus go háirithe:

      (i) aithint mainneachtana déileáil leis na hábhair imní sin ar bhealach a thug cosaint leordhóthanach do leanaí;

(ii) cúiseanna na mainneachtana sin agus freagracht ina leith; agus

(b) láimhseáil na n-ábhar imní maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí a tuairiscíodh dóibh ag an nGarda Síochána, ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (nó na heagraíochtaí ábhartha a tháinig i gcomharbacht orthu nó a bhí ina réamhtheachtaithe acu) agus ag an Roinn Oideachais.

2. Ordaítear don Choimisiún freisin tuarascáil a thabhairt don Aire Oideachais agus Óige maidir le (a) tionchar na drochúsáide gnéasaí ar mharthanóirí agus (b) an méid a foghlaimíodh don todhchaí i ndáil le cosaint leanaí.

**CUID 2 - Raon Feidhme agus Cur Chuige an Choimisiúin**

3. Áireofar le mainneachtain déileáil go leordhóthanach le hábhar imní maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí imthosca inar eascair na nithe seo a leanas as gníomhartha a rinneadh, nó nach ndearnadh:

   (a) mainneachtain cosc a chur ar dhíobháil do leanaí;

   (b) neamhthuairisciú na n-ábhar imní sin, bíodh sé sin d'fhoireann chuí na Scoile, an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (nó na heagraíochtaí ábhartha a tháinig i gcomharbacht orthu nó a bhí ina réamhtheachtaithe acu) nó an Roinn Oideachais.

   (c) drochúsáid ghnéasach leanaí a cheilt.

4. Agus an Coimisiún ag scrúdú cé acu an raibh nó nach raibh an láimhseáil leordhóthanach, tabharfaidh sé aird ar na nithe seo a leanas:

   (a) an ndearnadh na dlíthe agus na treoirlínte is infheidhme a leanúint;

   (b) úsáid nósanna imeachta araíonachta;

   (c) athruithe ar dhualgais nó ar fhreagrachtaí, nó maoirseacht bhreise ar dhaoine a raibh amhras ann gur bhain siad drochúsáid ghnéasach as leanaí;

   (d) na teistiméireachtaí a cuireadh ar fáil do na fostóirí a bhí ag daoine ina dhiaidh sin, ar daoine iad a raibh amhras ann gur bhain siad drochúsáid ghnéasach as leanaí;

(e) fostaíocht ina dhiaidh sin, nó bogadh daoine a raibh amhras ann gur bhain siad drochúsáid ghnéasach as leanaí chuig Scoileanna nó institiúidí eile, in Éirinn nó in áit eile;

(f) cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh tuismitheoirí nó caomhnóirí linbh lena mbaineann a chur ar an eolas;

(g) an cur chuige a glacadh i dtaca le hionchúisimh choiriúla, dlíthíocht shibhialta nó dlíthíocht bhagartha ar bith, lena n-áirítear tuarascálacha nó imscrúdúcháin ar bith ar nithe den chineál sin a choimisiúnú;

(h) cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh gníomhartha comhordaithe ar bith maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí i Scoileanna ag aon chiontóirí.

**CUID 3 - Modheolaíocht Oibre an Choimisiúin**

5. Ordaítear don Choimisiún a thuarascáil deiridh a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Óige tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis a bhunaithe.

6. Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, ba cheart don Choimisiún a phróisis agus a mhodheolaíochtaí a oiriúnú chun imscrúdúchán agus tuairisciú éifeachtach a bhaint amach ar an mbealach is tráthúla agus is cost-éifeachtúla is féidir.

7. Ag aithint nach mbeadh sé indéanta láimhseáil gach líomhna maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí a d'fhéadfaí a thuairisciú don Choimisiún a imscrúdú agus chun an spriocdháta atá leagtha amach a chomhlíonadh, glacfaidh an Coimisiún cur chuige samplála mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha seo agus feidhmeoidh sé a chumhacht lánroghnach i ndáil le méid na fianaise a bhreithnóidh sé chun teacht ar chonclúidí agus cinntí a dhéanamh faoi mar a cheanglaítear leis na Téarmaí Tagartha seo.

8. Le haghaidh a imscrúdúcháin, roghnóidh an Coimisiún samplaí áit a dtagann ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí chun cinn. Úsáidfidh sé cur chuige samplála cuspóiriúil chun cásanna a roghnú nuair is dealraitheach go mbeidh dóthain fianaise ó fhinnéithe agus ó dhoiciméid ar fáil chun go mbeidh ar a chumas a fheidhmeanna faoi na Téarmaí Tagartha seo a chomhlíonadh. Déanfaidh sé:

   (a) suirbhé tosaigh a reáchtáil chun líon na marthanóirí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a dtaithí a aithint i ndáil le hábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí;

(b) a chinneadh, ó anailís ar an suirbhé sin, cá háit ar dócha go bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil chun go mbeidh ar chumas an Choimisiúin na nithe a cheanglaítear leis na Téarmaí Tagartha seo a imscrúdú;

(c) samplaí a roghnú le haghaidh imscrúdú mionsonraithe, ar samplaí aid a mheasann sé a bheith ionadaíoch do chomhthéacsanna ar leith, amhail catagóir Scoile, tréimhse ama ar leith, cineál pátrúin Scoile agus suíomh geografach.

9. Cuirfidh an Coimisiún na nithe seo a leanas san áireamh freisin agus samplaí á roghnú aige:

(a) méid na n-ábhar imní maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí a deimhníodh in imscrúdúcháin roimhe seo, lena n-áirítear an Fiosrúchán Scóipe faoi Dhrochúsáid Ghnéasach Stairiúil i Scoileanna Lae agus Cónaithe arna Reáchtáil ag Oird Rialta;

(b) méid na gciontuithe coiriúla i ndáil le duine aonair ar leith nó a bhaineann le Scoil ar leith;

(c) méid na fianaise atá riachtanach chun cinntí agus moltaí a dhéanamh agus an dóchúlacht go mbeidh an fhianaise sin ar fáil;

(d) an riachtanas a chuid oibre a chríochnú agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Óige tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis a bhunaithe.

10. Féadfaidh an Coimisiún Imscrúdúcháin drochúsáid ghnéasach leanaí a tharla idir 1927 agus 2013 a bhreithniú ina thuarascáil, ach aithneoidh dá fhad siar a tharla na nithe sin gur mó an teorainn réadúil atá ar chumas an Choimisiúin imscrúdúchán fiúntach a dhéanamh ar na nithe sin. Dá bhrí sin, beidh sé de rogha ag an gCoimisiún an tréimhse ama atá faoi imscrúdú a laghdú i dtaca lena imscrúdúchán ina iomláine nó i dtaca le haon chomhpháirt de nó i dtaca le haon Scoil, ord rialta, duine nó comhlacht de réir mar is cuí leis. I gcás ina bhfuil an drochúsáid nó aon ábhar a bhaineann leis an drochúsáid atá i gceist ina ábhar d'imeachtaí nó do phróisis reachtúla atá ar siúl, tabharfaidh an Coimisiún, le linn a rogha féin a fheidhmiú, aird ar na himeachtaí agus ar na próisis sin agus é ag cinneadh cé acu an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé nithe den chineál sin a imscrúdú nó modh an imscrúdúcháin sin.

**CUID 4 – Rannpháirtíocht Marthanóirí**

11. Déanfaidh an Coimisiún gach iarracht a bheith chomh dírithe ar an marthanóir agus is féidir, i gcomhréir le nósanna imeachta cothroma, agus cuirfidh sé na nithe seo a leanas chun cinn:

(a) cumarsáid shoiléir agus trédhearcacht, rud a ligfidh do mharthanóirí roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le cé acu ar chóir nó nár chóir dóibh dul i mbun plé leis an gCoimisiún;

(b) tacaíocht do mharthanóirí ag céimeanna tábhachtacha den phróiseas, lena n-áirítear tacaíocht mhothúchánach agus shíceolaíoch, agus tacaíocht dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu chun próiseas inrochtana agus cuimsitheach a éascú nuair is féidir;

(c) cur chuige atá eolasach ó thaobh tráma de maidir le bheith ag obair leo siúd a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach leanaí;

(d) céimeanna praiticiúla chun rioscaí a bhaineann le tráma a fhágáil ar dhaoine an athuair a mhaolú, i gcomhairle le marthanóirí agus le sainchomhairle ábhartha.

12. Bunóidh an Coimisiún Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí a fheidhmeoidh faoi choimirce an Choimisiúin. Éistfidh sé le cuntais ó mharthanóirí ar thionchar a dtaithí ar dhrochúsáid ghnéasach a fhulaingt i Scoileanna, agus déanfar aon doiciméadú orthu sin ar bhonn anaithnid. Ordaítear don Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí:

(a) suíomh neamhsháraíochta a sholáthar do mharthanóirí drochúsáide gnéasaí leanaí chun tionchar a dtaithí a aithris agus do bhall teaghlaigh marthanóirí éagtha nó éagumasacha chun tionchar na drochúsáide gnéasaí ar a ngaol a aithris. Ní thionólfaidh sé éisteachtaí foirmiúla ná ní dhéanfaidh sé próiseas dlíthiúil foirmiúil a reáchtáil, ná ní ghníomhóidh sé mar fhiosrúchán poiblí, agus ní dhéanfaidh sé croscheistiú orthu siúd a roghnaíonn a bheith páirteach ann;

(b) taighde agus anailís ábhartha a dhéanamh bunaithe ar chuntais marthanóirí;

(c) tuairisc achomair a ullmhú agus a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Choimisiúin maidir le tionchar taithí marthanóirí, ar tuarascáil í atá gan ainm agus nach ndéanann cinntí fíorais in aghaidh aon duine ná in aghaidh aon eagraíochta.

(d) déanfaidh sé a nósanna imeachta a cheapadh chun céannacht daoine aonair a thugann cuntais don Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí a chosaint agus déanfaidh sé iarracht a chinntiú nach n-aithneofar aon duine ná institiúid dá dtagraítear sna cuntais a chuirtear ar fáil agus in aon tuarascáil a chuirtear ar fáil.

**Cuid 5 Tuairisciú**

13. Féadfaidh an Coimisiún cibé cinntí agus moltaí breise a dhéanamh a eascraíonn as a imscrúdúchán agus a bhaineann le láimhseáil ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí, agus cosaint leanaí, de réir mar is cuí leis. Ina chuid moltaí, féadfaidh an Coimisiún aird a thabhairt freisin ar obair an Chláir Rannpháirtíochta Marthanóirí.

14. Ar nó roimh an dáta ar a mbeidh an Coimisiún dhá bhliain bunaithe, scríobhfaidh an Cathaoirleach chuig an Aire Oideachais agus Óige chun (a) a dheimhniú go gcreideann sé nó sí go mbeidh an Coimisiún in ann tuarascáil a thabhairt laistigh de chúig bliana óna bhunú nó (b) aon mhodhnuithe ar Théarmaí Tagartha an Choimisiúin a mholadh a éascóidh baint amach an chuspóra sin.